GAEILGE IORRAIS

Preasráiteas Press Release 05.09.2023	**Tuilleadh eolais:** gaeilgeiorrais@gmail.com	*Brief English language summary is available on page 2.

Spriocdháta: Dé Sathairn 30 Meán Fómhair 2023

Feachtas Físeáin Úrnua: 'Labhair Gaeilge Liom'

An bhfuil Gaeilge agat? An bhfuil tú sásta í a labhairt? An bhfuil cónaí ort i nGaeltacht Iorrais? Má tá, ba bhreá linn cloisteáil uait. Leis sin, má tá do ghnó nó d'eagraíocht nó do sheirbhís lonnaithe i nGaeltacht Iorrais agus má tá seirbhís i nGaeilge le fáil uaibh, ba bhreá linn cloisteáil uait.

Tá feachtas físeáin úrnua seolta ag Gaeilge Iorrais dar teideal 'Labhair Gaeilge Liom.' Tá muid ag súil leis na cainteoirí Gaeilge atá fud fad na Gaeltachta seo a aithint agus a chur in aithne dá chéile. Ar bhealach eile, is mian linn teacht ar dhaoine atá ina gcónaí i nGaeltacht Iorrais agus sásta an Ghaeilge a labhairt. Ba mhaith linn an tosaíocht teanga don Ghaeilge a dhéanamh níos soiléire do chách agus cur leis na deiseanna úsáide Gaeilge atá le fáil do phobal na Gaeltachta seo dá réir sin.

Tá cúpla físeán samplach eisithe againn le mí anuas ar ár gcuntais mheán sóisialta agus cainteoirí breátha Gaeilge as an Eachléim, Ceathrú Thaidhg, Ros Dumhach, Dumha Thuama, Gaoth Sáile, Béal an Mhuirthead, Béal Deirg agus eile le cloisteáil sna físeáin go dtí seo. Tá réimse maith de chainteoirí mar chuid de na físeáin agus cúlraí nó suimeanna difriúla acu ar fad. Mar shampla, tá meascán de dhaoine idir óg agus aosta sna físeáin – baill de chlub agus de chumainn éagsúla sa cheantar (m.sh. an CLG, cumann rámhaíochta), múinteoir ceoil, teagascóir snámha, daoine atá gníomhach ar choistí pobail sa cheantar agus mar sin de. Tá roinnt daoine a bhfuil baint acu le gnólachtaí agus seirbhísí difriúla sa Ghaeltacht seo le feiceáil sna físeáin go dtí seo freisin (Is Iontach an Bláth thú, Club Karate Iorrais, Coláiste UISCE, siopa éadaí Mhic Aindriú, *Belderrig Valley Experience*, Áras Inis Gluaire), chomh maith le daoine a chuireann seirbhísí pobail agus poiblí ar fáil (m.sh. lucht comharchumainn, coistí pobail agus an comhairle contae). Níl an feachtas seo dírithe ar pháistí faoi 18 mbliana d'aois

· Gaeilge Iorrais · f/ch Chomharchumann Ionad Deirbhile · An Eachléim · Co. Mhaigh Eo ·

Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.

ach eisíodh físeán faoi leith leis an 6 páiste as Gaeltacht Iorrais a d'fhreastail ar Fhleadh Cheoil na hÉireann le gairid.

Mar sin, má tá Gaeilge agat, cuma cé mhéad ach tú a bheith sásta í a úsáid, ba bhreá linn cloisteáil uait. Bronnfar t-léine nua de chuid Gaeilge Iorrais ar chuile fhíseán a úsáideann muid agus a thagann isteach roimh an 30.09.2023. Má tá cúnamh nó comhairle ar bith uait le d'fhíseán, fáilte romhat a bheith i dteagmháil linn. Chun páirt a ghlacadh sa bhfeachtas, seol d'fhíseán gearr 'Labhair Gaeilge liom' (10 soicind ar a mhéad) chuig oifig.gi@gmail.com nó 085 250 3321 roimh Dé Sathairn 30 Meán Fómhair 2023.

Breis Eolais:

- Tá an comórtas seo oscailte do chainteoirí Gaeilge (lucht labhartha na Gaeilge, foghlaimeoirí Gaeilge, cainteoirí dúchais Gaeilge agus mar sin de) atá ina gcónaí sa limistéar Gaeltachta seo (Iorras - Maigh Eo Thuaidh) agus sásta an Ghaeilge a labhairt.
- Ní mór do chuile fhíseán tagairt a dhéanamh don ráiteas - 'Labhair Gaeilge liom.'
- D'fhéadfaí rudaí den chineál seo a leanas a lua freisin, m.sh. cé tú féin, cá bhfuil cónaí ort, cén úsáid a bhaineann tú as do chuid Gaeilge?'
- Cuirfear na físeáin ar fad ar fáil go poiblí. Mar shampla, ar chuntais mheán sóisialta @Gaeilge Iorrais agus ar shuíomh gréasáin Ghaeilge Iorrais (www.gaeilgeiorrais.ie).
- Má tá Gaeilge agat, cuma cé mhéad ach tú a bheith sásta í a úsáid, ba bhreá linn cloisteáil uait.

*Brief English language summary

Gaeilge Iorrais is launching a video campaign on social media focused on the central theme of 'Labhair Gaeilge liom.' This campaign hopes to encourage Irish language speakers, learners and enthusiasts from the Erris / North Mayo Gaeltacht area to put together a brief 10 second clip *as Gaeilge* on their smartphone and use the phrase 'Labhair Gaeilge liom.'
A selection of all video clips will be shared publicly on Gaeilge Iorrais social media accounts and website. Local businesses which offer an Irish language service in this Gaeltacht area are also encouraged to participate in this fun and innovative campaign.
Saturday 30th September 2023 is the closing date for applications, which should be emailed to oifig.gi@gmail.com or sent to 085 250 3321. All participants that submit a relevant video before 30.09.2023 will be awarded a fabulous new Gaeilge Iorrais t-shirt.

Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.